Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9942/22**

**ECOFIN 590**
**UEM 172**
**SOC 369**
**EMPL 248**
**COMPET 475**
**ENV 585**
**EDUC 236**
**RECH 362**
**ENER 288**
**JAI 835**
**GENDER 109**
**ANTIDISCRIM 87**
**JEUN 118**
**SAN 371**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Ionchur maidir leis na gnéithe fostaíochta agus beartais shóisialta atá sna moltaí tírshonracha: moltaí maidir le cláir náisiúnta um athchóiriú 2022 do gach Ballstát<br>- Formheas |

An 23 Bealtaine 2022, i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2022, thíolaic an Coimisiún 27 dtogra le haghaidh moltaí tírshonracha (mar a liostaítear in 9601/22).

Scrúdaigh na coistí ábhartha na 27 ndoiciméad (ceann in aghaidh an Bhallstáit) (An Coiste Fostaíochta, an Coiste um Chosaint Shóisialta, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais/Comhaltaí Malartacha an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais). Scrúdaíodh saincheisteanna áirithe cothrománacha sna cruinnithe comhpháirteacha chomh maith, agus é mar aidhm comhsheasmhacht a áirithiú san moltaí.

Leagtar amach téacs na ndréachtmholtaí do gach Ballstát, a d'eascair as an bplé sna Coistí, in 9602/22.

Maidir le heagrú na hoibre ar leibhéal na Comhairle, tugadh aird iomlán ar na saincheisteanna trasghearrtha a phléifear sa dá fhoirmíocht den Chomhairle araon (EPSCO agus Ecofin).

Iarrtar ar Coreper na dréachtmholtaí atá sna doiciméid a ullmhaíodh do gach Ballstát, a liostaítear in 9602/22, a scrúdú d'fhonn go mbeidh an Chomhairle EPSCO in ann an t-ionchur maidir leis na gnéithe fostaíochta agus beartais shóisialta atá sna dréachtmholtaí a ceapadh do gach Ballstát a fhormheas.

Cuirfear na moltaí tírshonracha faoi bhráid na Comhairle Eorpaí lena bhformheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 23 agus an 24 Meitheamh 2022.

Ar deireadh, déanfaidh an Chomhairle Ecofin na conclúidí maidir le grinn-athbhreithnithe 2022 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a fhormheas an 12 Iúil agus glacfaidh sí na moltaí tírshonracha.